*Bliain 7 / Primary 7*

**An Dochtúir Sa Teach**

Bhí pian ina bholg ag Seán aréir
Is níor chodlaigh sé san oíche,
"Ó! a Mhamaí, tá mé tinn,"
Arsa Seán is é ag caoineadh.

Chuir Mamaí fios ar an dochtúir
Is tháinig sé go gasta
Chuir an dochtúir ceist ar Sheán
Ar ith sé úlla glasa.

D'adhmhaigh Seán gur ith sé iad
Na húlla beaga glasa
Mhol an dochtúir buidéal leighis
A leigheasfadh é go gasta.